

Léamh na Filíochta : 35 Marc

Géibheann (an dán go léir); *Colscaradh* (an dán go léir); *Mo Ghrá-sa (Idir Lúibíní)* (trí véarsa ar bith); *An tEarrach Thiar* (dhá véarsa ar bith); *An Spailpín Fánach* (dhá véarsa ar bith).

GÉIBHEANN le Caitlín Maude

Ainmí mé
ainmí allta
as na teochreasa
a bhfuil cliú agus cáil
ar mo scéimh

Chroithfinn crainnte na coille
tráth
le mo gháir

ach anois
luím síos
agus breathnaím trí leathshúil
ar an gcrann aonraic sin thall

Tagann na céadta daoine chuile lá
a dhéanfadh rud ar bith dom
ach mé a ligean amach.

MO GHRÁ-SA (IDIR LÚIBÍNÍ) le Nuala Ní Dhomhnaill

Níl mo ghrá-sa
Mar bhláth na n-airní
a bhíonn i ngairdín
(nó ar chrann ar bith)

is má tá aon ghaol aige
le nóiníní
is as a chluasa a fhásfaidh siad
(nuair a bheidh sé ocht dtroigh síos)

ní haon ghlaise cheolmhar
iad a shúile
(táid róchóngarach dá chéile
ar an gcéad dul síos)

is más slim é síoda
tá ribí a ghruaige
(mar bhean dhubh Shakespeare)
ina *wire* deilgní.

Ach is cuma sin.
Tugann sé dom
úlla
(is nuair a bhíonn sé i ndea-ghiúmar
caora finiúna.)

COLSCARADH le Pádraig Mac Suibhne

Shantaigh sé bean
i nhead a chine,
faoiseamh is gean
ar leac a thine,
aiteas is greann
i dtógáil chlainne.

Shantaigh sí fear
is taobh den bhríste,
dídean is searc
is leath den chíste,
saoire thar lear
is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.
Scaradar.

An tEarrach Thiar le Máirtín Ó Direáin

Fear ag glanadh cré
De ghimseán spáide
Sa gciúnas shéimh
I mbrothall lae
Binn an fhuaim
San Earrach thiar.

Fear ag caitheadh
Cliabh dhá dhroim
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bháin.
Niamhrach an radharc
San Earrach thiar.

Mná i locháin
In íochtair diaidh-thrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
Támh-radharc síothach
San Earrach thiar.

Toll-bhuillí fanna
Ag maidí rámha
Currach lán d'éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar ór-mhuir mhall
i ndeireadh lae
San Earrach thiar.

AN SPAILPÍN FÁNACH *Ní fios cé a chum*

Im' spailpín fánach táim le fada
ag seasamh ar mo shláinte,
ag siúl an drúchta go moch ar maidin
's ag bailiú galair ráithe;
ach glacfad *fees* ó rí na *gcroppies*,
cleith is píc chun sáite
's go brách arís ní ghlaofar m'ainm
sa tír seo, an spailpín fánach.

Ba mhinic mo thrialall go Cluain gheal Meala
's as seo go Tiobraid Árann:
i gCarraig na Siúire thíos do ghearrainn
cúrsa leathan láidir;
i gCallainn go dlúth 's mo shúiste im ghlac
ag dul chun tosaigh ceard leo
's nuair a théim go Durlas 's_ é siúd bhíonn agam -
"Sin chú'ibh an spailpín fánach!"

Go deo deo arís ní raghad go Caiseal
ag díol nó ag reic mo shláinte
ná ar mhargadh na saoire im shuí cois balla,
im scaoinse ar leataobh sráide,
bodairí na tíre ag tíocht ar a gcapaill
á fhiafraí an bhfuilim hireálta;
'téanam chun siúil, tá an cúrsa fada' -
Siúd siúl ar an spailpín fánach.